Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Márta 2023
(OR. en)

7808/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2021/0424(COD)**
**2021/0425(COD)**

ENER 155
ENV 304
CLIMA 158
IND 147
RECH 111
COMPET 264
ECOFIN 281
CODEC 475

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15111/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1<br>15096/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh na Treorach maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin agus le haghaidh an Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin ('Pacáiste Gáis') mar chreat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, hidrigin a chur chun cinn agus astaíochtaí meatáin a laghdú.

2. Is é is aidhm don Phacáiste Dícharbónúcháin le haghaidh na margaí hidrigine agus gáis dícharbónú an tomhaltais gáis nádúrtha a chumasú, creat rialála a chruthú le haghaidh bonneagar agus margaí tiomnaithe hidrigine agus pleanáil chomhtháite ghréasáin. Ina theannta sin, bunaíonn sé rialacha do thomhaltóirí agus neartaíonn sé slándáil an tsoláthair.

## II. <u>STAID NA HIMEARTHA</u>

1. I mí Iúil 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia tús leis an gcaibidlíocht maidir leis na tograí sa Mheitheal um Fhuinneamh, ar lean Uachtaránacht na Sualainne uirthi sa chéad ráithe de 2023. Bunaithe ar an bplé sin, thíolaic an Uachtaránacht seacht n-athbhreithniú ar an Rialachán agus ar an Treoir araon.

2. Pléadh na tograí freisin ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 25 Deireadh Fómhair 2022 i Lucsamburg, inar díríodh go príomha ar mhargaí hidrigine a fhorbairt, ar lascainí taraife le haghaidh hidrigine, ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin agus ar hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha. Chuir na hairí treoir pholaitiúil ar fáil don Uachtaránacht agus leag siad amach treoir le haghaidh tuilleadh oibre.

3. Ba cheart go mbeadh an 7ú hathbhreithniú reatha mar atá leagtha amach in 7556/23 agus 7557/23 mar bhonn don Chur Chuige Ginearálta. Marcáiltear téacs nua le **cló trom** agus téacs a scriostar le [...]

## III. AN OBAIR A RINNEADH i bPARLAIMINT NA hEORPA AGUS i gCOMHLACHTAÍ EILE DE CHUID AN AONTAIS

1. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ceannaire an dá chomhad. Is é an Feisire Jerzy Buzek (PPE, an Pholainn) an rapóirtéir a ceapadh le haghaidh an Rialacháin, agus is é an Feisire Jens Geier (S&D, an Ghearmáin) a ceapadh le haghaidh na Treorach. Ghlac an Pharlaimint an dá thuarascáil an 16 Feabhra 2023.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra an 19 Bealtaine 2022, agus thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim siúd an 12 Deireadh Fómhair 2022.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

1. Thacaigh na Ballstáit leis an mbealach inar léiríodh díospóireacht bheartais agus plé na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TTE) laistigh den Mheitheal um Fhuinneamh le linn na hoibre ar an seachtú athbhreithniú ar an dá thogra.

2. Is féidir na hathruithe is suntasaí a achoimriú mar a leanas:

**A mhéid a bhaineann leis an Rialachán:**

a) In Airteagal 3 laistigh de phrionsabail an mhargaidh, soiléiríodh go mbeidh gnóthais atá gníomhach sa chóras dul isteach-imeachta céanna in ann gáis a mhalartú ag na pointí trádála fíorúla nó go fisiciúil ag pointí idirnaisc.

b) In Airteagail 5(6), 7(7) agus in aithris 70a, tugadh isteach foráil eisceachtúil nua lena gceadaítear do na Ballstáit bearta comhréireacha a ghlacadh chun teorainn shealadach a chur le tairiscintí tosaigh ar acmhainneacht arna ndéanamh ag aon úsáideoir gréasáin aonair ag pointí iontrála agus ag críochfoirt GNL le haghaidh seachadtaí ó Chónaidhm na Rúise agus ón mBealarúis.

c) Maidir le deimhniú na n-oibreoirí córais stórála, rinneadh téacs an Rialacháin maidir le Stóráil Gáis a glacadh i mí an Mheithimh 2022 a ionchorprú anseo in Airteagal 13b nua. I ndáil leis an méid sin, cuireadh mír 3 nua le hAirteagal 15 maidir le lascaine 100 % a chur i bhfeidhm ar tharaifí tarchuir agus dáileacháin acmhainneachtbhunaithe chuig saoráidí stórála gáis faoi thalamh agus saoráidí GNL.

d) In Airteagal 16, rinneadh idirdhealú idir lascainí taraife le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras nádúrtha agus socraíodh taraifí ag 100 % agus 75 % faoi seach. Áiríodh an fhéidearthacht do na húdaráis rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh gan lascainí a chur i bhfeidhm nó iad a shocrú ar leibhéal níos ísle, rud a léiríonn na hábhair imní atá ag na Ballstáit sin a bhfuil nó a bhfuil súil acu go mbeidh sciar mór gáis in-athnuaite/ísealcharbóin acu sa mheascán fuinnimh, nó a bhféadfadh imní a bheith orthu faoin tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar shreafaí trasteorann.

e) Níl feidhm anois ag Airteagal 19 maidir le comhordú trasteorann na cáilíochta gáis sa chóras gáis nádúrtha ach amháin maidir le cumaisc hidrigine i gcás nach mó ná 2 faoin gcéad de réir toirte an cion hidrigine a chumasctar isteach sa chóras gáis nádúrtha. Chun réiteach a fháil ar aon díospóidí maidir le srianta ar shreafaí trasteorann de bharr difríocht i gcumasc hidrigine sa chóras gáis nádúrtha, beidh na húdaráis rialála náisiúnta lena mbaineann in ann cinntí comhordaithe comhpháirteacha a dhéanamh. Léirítear leis an réiteach sceipteachas roinnt Ballstát i leith an chumaisc, agus ag an am céanna, áirithítear sreafaí trasteorann gáis gan bhac. Is é is aidhm don Rialachán cur chuige comhchuibhithe a choinneáil ar bun ar leibhéal an Aontais maidir le cáilíocht gáis, lena n-áirítear cion ocsaigine agus cumasc.

f) Soiléiríodh raon feidhme an Airteagail in Airteagal 20b maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh bithmheatáin.

g) Maidir le hAirteagal 67 (leasuithe ar an rialachán maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh), measadh forálacha éagsúla a bheith as dáta agus scriosadh iad dá bhrí sin. Scríobhadh iad roimh an ngéarchéim fuinnimh, agus ó shin i leith, tháinig Rialachán éigeandála ón gComhairle maidir le dlúthpháirtíocht a fheabhsú trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, ar thagarmharcanna praghais iontaofa agus ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha ina n-ionad mar aon le hobair an Choimisiúin ar an ardán um cheannach gáis. Ina theannta sin, mheas a lán toscaireachtaí nach é an t-am ceart fós é chun dul ar aghaidh le leasuithe mionsonraithe ar an reachtaíocht maidir le slándáil an tsoláthair, mar gheall ar an ngéarchéim leanúnach.

**A mhéid a bhaineann leis an Treoir:**

a) Tugann aithrisí nua 35a agus 36a níos mó beachtais ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir na pobail fuinnimh in-athnuaite (de bhun na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite) agus pobail fuinnimh na saoránach (de bhun na treorach maidir le gás).

b) Soiléiríodh aithris 70 chun a áirithiú nach díchuachadh feidhmiúil rialachais ná scaradh bainistíochta nó foirne atá á thabhairt le tuiscint leis na forálacha cothrománacha maidir le díchuachadh i ndáil le hidrigin a chumhdaítear in Airteagal 63 agus, dá bhrí sin, gur féidir sineirgí idir oibreoirí gréasáin, mar shampla trí chomhroinnt seirbhísí agus struchtúr rialachais, a choinneáil go hiomlán.

c) I gcás sainmhínithe in Airteagal 2:

- Maidir leis na sainmhínithe ísealcharbóin i míreanna (10) go (12) chun freagairt ar an imní a bhí ar na Ballstáit nach raibh na sainmhínithe sin beacht maidir leis an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, cuireadh táirge comparáide breoslaí iontaise isteach (mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite).

- Rinneadh athruithe substaintiúla ar an sainmhíniú ar 'chóras dul isteach-imeachta' i mír (53) chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le rochtain ar láithreáin táirgthe agus maidir le ról OCTanna agus OCDanna.

d) Cuireadh Airteagal 4a nua isteach chun freagra a thabhairt ar iarrataí na mBallstát maidir leis an idirghabháil phoiblí i socrú praghsanna i gcás géarchéim gáis nádúrtha.

e) In Airteagal 8, sonraíodh go n-éileoidh na Ballstáit, chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a dheimhniú, ar na hoibreoirí eacnamaíocha na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar gháis ceaptha teasa a chomhlíonadh mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

f) Maidir leis na forálacha tomhaltóirí:

- Soiléiríodh in Airteagal 11, i gcás tairiscintí cuachta, go mbeidh custaiméirí in ann seirbhísí aonair conartha a fhoirceannadh agus go mbeidh custaiméirí in ann a gconarthaí soláthair gáis a fhoirceannadh ar ghearrfhógra.

- Cuireadh isteach Airteagal 11a nua chun rialacha leordhóthanacha maidir le cosaint tomhaltóirí a chur ar fáil i gcás ina gcuirfí deireadh de réir a chéile le gás nádúrtha. Sonraíodh freisin gur cheart riachtanais custaiméirí leochaileacha nó custaiméirí leochaileacha a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh a chur san áireamh.

- Tugadh solúbthacht do na Ballstáit maidir le bunú na bpobal fuinnimh saoránach dá bhforáiltear in Airteagal 14. Leagadh béim freisin ar ghné áitiúil na bpobal seo. Thairis sin, chun béim a leagan ar ról na gcustaiméirí teaghlaigh, leithdháiltear 15 % ar a laghad de chearta vótála orthu.

- In Airteagal 15, rinneadh soiléiriú ar an gcineál custaiméirí ar cheart dóibh an rogha a fháil maidir le billí leictreonacha agus faisnéis bhilleála.

- In Airteagal 17, (ar an gcaoi chéanna le hAirteagal 16 maidir le gás nádúrtha), cuireadh foráil isteach lena bhféadfaí an deis a thabhairt do Bhallstát an oibleagáid maidir leis an gcóras méadraithe chliste a imscaradh sa chóras hidrigine a nascadh le measúnú costais agus tairbhe.

- In Airteagal 20, moladh soiléiriú go bhféadfadh an Ballstát custaiméirí teaghlaigh nach n-úsáideann gás chun críoch téimh a dhíolmhú ón gceanglas gnáthmhéadar a bheith acu do ghás nádúrtha. Leathnaíodh an díolúine freisin chuig foirgnimh inarb tomhaltóirí a úsáideann gás ar an mbealach sin iad formhór na dteaghlach.

g) In Airteagal 31, áiríodh sa togra ón gCoimisiún céim mhéadúcháin chun margaí hidrigine a fhorbairt go dtí 2030, agus ina dhiaidh sin, bheadh feidhm ag rialacha níos mionsonraithe. Mar sin féin, cuireadh síneadh leis an gcéim aistrithe d'eilimintí deartha an mhargaidh hidrigine go dtí deireadh 2035 chun ábhair imní a léiriú nach mbeidh an margadh hidrigine aibí go leor faoi 2030 chun rochtain rialáilte tríú páirtí a chur chun feidhme. Trí dháta daingean a leagan síos, méadaítear an intuarthacht do gheallsealbhóirí i gcomparáid le sásra athbhreithnithe.

h) In Airteagal 32, i bprionsabal, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear córas rochtana tríú páirtí chun feidhme ar chríochfoirt hidrigine bunaithe ar rochtain idirbheartaithe. Mar sin féin, cuireadh solúbthacht isteach lena bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin rochtain rialáilte tríú páirtí a chur i bhfeidhm ar na críochfoirt sin.

i) Leathnaíodh Airteagal 34, maidir le rochtain ar dhiúltú agus ceangal trí fhoráil a chur leis go bhféadfadh Ballstát ligean do OCT nó do OCD rochtain a dhiúltú (nó dícheangal) chun a áirithiú go gcomhlíonfar cur chun feidhme an chuspóra aeráidneodrachta a leagtar amach i ndlí Aeráide an Aontais.

j) Leasaíodh Airteagal 46(2) chun lánrogha a thabhairt do na Ballstáit an fhreagracht as tógáil na n-idirnasc trasteorann a shannadh d'oibreoirí gréasáin hidrigine áirithe agus dóibh sin amháin.

k) Leasaíodh Airteagal 47 maidir le maoluithe ó roinnt oibleagáidí don ghréasán hidrigine atá ann cheana, go háirithe tríd an teorainn ama do na maoluithe a bhaint agus tástáil mhargaidh á cur san áireamh ag an am céanna don Údarás Rialála Náisiúnta chun a chinneadh cathain ba cheart go rachadh maolú in éag.

l) Leathnaíodh Airteagal 48 maidir le gréasáin hidrigine atá teoranta go geografach chun an fhéidearthacht a chruthú maolú ar oibleagáidí áirithe le haghaidh gréasáin ar leithligh nó de chineál dáileacháin, lena gcuirtear creat ar fáil atá cosúil le creat le haghaidh gréasáin gáis dáileacháin. Cuireadh coinníoll nua isteach in ionad an 'nasc gréasáin aonair'. Cuireadh teorainn níos fearr leis an bhféidearthacht atá ann d'údaráis rialála náisiúnta leas an mhaolaithe a tharraingt siar.

m) Soiléiríodh Airteagal 49 maidir le hidirnascairí hidrigine le tríú tíortha. Léirítear sa leagan athbhreithnithe go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit comhaontuithe idirnáisiúnta nó comhaontú idir-rialtasach a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 82 sula n-oibríonn siad an t-idirnascaire sin sula mbeidh sé beartaithe é a cheangal.

n) Maidir le tuairisciú ar fhorbairt an ghréasáin hidrigine, tugtar solúbthacht sa téacs comhréitigh do na Ballstáit Airteagal 52 nó Airteagal 51 a chur i bhfeidhm agus forléargas á thuairisciú acu ar bhonneagar an ghréasáin hidrigine a bhfuil sé d'aidhm acu a fhorbairt.

o) In Airteagal 53 maidir le bonneagar hidrigine trasteorann a mhaoiniú, luaitear sa téacs comhréitigh go n-íocfaidh tionscadail idirnascairí hidrigine, seachas tionscadail leasa choitinn, a gcostais féin agus go bhféadfar iad a mhaoiniú tríd an gcóras taraife. Féadfaidh siad plean tionscadail a cheapadh freisin, lena n-áirítear iarraidh ar leithdháileadh costas trasteorann. Rinneadh leasuithe comhfhreagracha ar Airteagal 6 den Rialachán.

p) In Airteagal 62, is é a bhí sna tograí tosaigh ón gCoimisiún maidir le díchuachadh ingearach oibreoirí gréasáin hidrigine dul in éag shamhail díchuachta an Oibreora Neamhspleách Córais Tarchuir faoi dheireadh 2030 agus infhaighteacht shamhlacha an oibreora córais neamhspleách agus an oibreora neamhspleách córais tarchuir le haghaidh gréasáin hidrigine agus le haghaidh na ngréasán sin amháin ar le gnóthais atá comhtháite go hingearach iad tráth theacht i bhfeidhm an Phacáiste Gáis.

Coinníodh an tsamhail díchuachta úinéireachta mar an tsamhail díchuachta réamhshocraithe; mar sin féin, athscríobhadh Airteagal 62(4) chun níos mó solúbthachta a chur ar fáil maidir le hainmniú an eintitis a fhónann mar oibreoir gréasáin hidrigine comhtháite i gcomhréir le rialacha maidir le hOibreoirí Neamhspleácha Córais Tarchuir. Is féidir le hoibreoirí gréasáin hidrigine tairbhe a bhaint freisin as maoluithe do ghréasáin hidrigine atá ann cheana agus do ghréasáin atá teoranta go geografach (Airteagail 47 agus 48), a ndearnadh a gcur i bhfeidhm a shimpliú.

q) Athraíodh Airteagal 80 chun modhnú a dhéanamh ar na himthosca faoina bhféadfaidh na Ballstáit nach bhfuil nasctha go díreach le córas idirnasctha aon Bhallstáit eile maolú ar fhorálacha sonracha na Treorach. San Airteagal céanna, tugadh isteach maolú ar dhíchuachadh do Lucsamburg chun an creat rialála atá acu faoi láthair sna margaí gáis agus leictreachais a léiriú. Rinneadh foráil do mhaolú breise in Airteagal 80a nua do chúinsí sonracha na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine.

## V. <u>CONCLÚIDÍ</u>

1. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, mar a leagtar sin amach in 7556/23 agus 7557/23, gach saincheist de chuid na dtoscaireachtaí atá fós gan réiteach a phlé, agus teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta na Comhairle, i bhfianaise na caibidlíochta atá le bheith aici le Parlaimint na hEorpa go luath.